RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1377 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Lúnasa 2021

lena n-údaraítear an t-athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) De bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283, is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh faoi bhia núíosach a údarú nuashonrú.

(4) Údaraíodh an bia núíosach "Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*" de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) lena úsáid i bhforbhianna atá beartaithe lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne, de réir mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Uasleibhéil údaraithe an oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*don phobal i gcoitinne, is leibhéil iad sin a leagtar síos faoi láthair ag 40-80 mg in aghaidh an lae d'oiléaroisín, agus is é an toradh atá air sin ≤ 8,0 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae.

(5) Tráth a bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha atá údaraithe in 2017 agus ar bhonn dhá thuairim roimhe sin ([5]) ([6])in 2014 ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás"), tuairim amháin acu maidir le húsáid astaxaintine i mbreiseáin bheathaithe mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le breiseáin bheathaithe le haghaidh cothú ainmhithe, inar leagadh síos Iontógáil Laethúil Inghlactha ("ADI") 0,034 mg/kg in aghaidh an mheáchain coirp in aghaidh an lae le haghaidh astaxaintine, agus an tuairim eile maidir le sábháilteacht na hastaxaintine mar chomhábhar bia núíosaigh, mheas an Coimisiún go bhféadfadh iontógáil na hastaxaintine ó fhorbhianna ina bhfuil an t-uasleibhéal údaraithe de 8,0 mg in aghaidh an lae bainte amach , go bhféadfadh sí sin dul thar an ADI agus gan bheith i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2015/2283. Mheas an Coimisiún gur cheart liosta an Aontais a leasú chun na leibhéil údaraithe astaxaintine a choigeartú i bhfianaise na dtuairimí ón Údarás ó 2014.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair bia núíosaigh (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

([4]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

([5]) Iris EFSA 2014 ;12(6) :3724.

([6]) Iris EFSA 2014 ; 12(7) :3757.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29).

(6) In 2017, tháinig an Coimisiún ar an eolas freisin faoi fhianaise eolaíoch nua a chuir oibreoirí gnólachtaí isteach le linn an chomhairliúcháin phoiblí faoin dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe, fianaise a léiríonn ADI i bhfad níos airde le haghaidh astaxaintine ná an ADI a bhunaigh an tÚdarás roimhe sin. Ina theannta sin, léirigh fianaise a cuireadh isteach le linn an chomhairliúcháin phoiblí chéanna gurbh ann d'iontógáil shuntasach astaxaintine cheana féin ón ngnáth-aiste bhia mar go mbíonn sí ann go nádúrtha i roinnt éisc agus crústach.

(7) An 27 Feabhra 2018 agus i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), d' iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim a thabhairt maidir le sábháilteacht na hastaxaintine nuair a úsáidtear í mar bhia núíosach i bhforbhianna ag leibhéil suas le 8,0 mg in aghaidh an lae, agus iontógáil charnach fhoriomlán na hastaxaintine ó gach foinse bhia á cur san áireamh.

(8) An 18 Nollaig 2019, ghlac an tÚdarás a thuairimí eolaíocha dar teideal "Sábháilteacht na hastaxaintine i ndáil lena húsáid mar bhia núíosach i bhforbhianna ([9])".

(9) Sa tuairim eolaíoch ón Údarás, tháinig sé ar an gconclúid, ar bhonn na fianaise nua, gurb é 0,2 mg/kg ina aghaidh an mheáchain coirp an ADI le haghaidh astaxaintine in aghaidh an lae. Agus ADI na hastaxaintine agus iontógáil na hastaxaintine ón ngnáth-aiste bhia araon á gcur san áireamh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil iontógáil na n-uasleibhéil údaraithe faoi láthair d'astaxaintin, is é sin suas le 8,0 mg in aghaidh an lae, as forbhianna ina bhfuil oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*, go bhfuil an iontógáil sin sábháilte do dhaoine fásta agus do dhéagóirí os cionn 14 bliain d'aois.

(10) Ba cheart ainmniú soiléir ar an mbia núíosach agus ceanglas lipéadaithe a leagan síos le haghaidh forbhianna ina bhfuil oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* chun a áirithiú nach dtomhlóidh leanaí ná déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois na forbhianna sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(12) Cé go n-údaraítear forbhianna ina bhfuil ≤ 8,0 mg d'astaxaintin don phobal i gcoitinne faoi láthair, is cosúil go léiríonn fianaise ón margadh nach mbaineann leanaí ná déagóirí úsáid astu sa chleachtas ach gurb iad na daoine fásta amháin a mbaineann úsáid astu, nach mór. Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin agus chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí gnólachtaí chun a gcleachtais a choigeartú ionas go gcomhlíonfar ceanglais an Rialacháin seo, ba cheart idirthréimhsí a leagan síos chun go gcumhdófar forbhianna ina bhfuil ≤ 8,0 mg d'astaxaintin a cuireadh ar an margadh nó a seoladh ó thríú tíortha chuig an Aontas agus atá beartaithe lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Sna bearta idirthréimhseacha sin ba cheart sábháilteacht na dtomhaltóirí a chur san áireamh tríd an bhfaisnéis faoin úsáid iomchuí a sholáthar i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.

(13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An iontráil i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus a chuimsítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, is é sin an iontráil atá a thagraíonn don bhia núíosach oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*, leasófar í de réir mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Áireofar san iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([9]) Painéal EFSA (An Painéal ar Chothú, bianna núíosacha agus ailléirginí bia de chuid EFSA), Tuairim Eolaíoch maidir le sábháilteacht astaxaintine mar bhia núíosach i bhforbhianna. Iris EFSA 2020;18(2):5993.

Airteagal 2

1. Forbhianna ina bhfuil ≤ 8,0 mg d'astaxaintin agus atá beartaithe lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne agus a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar iad a mhargú go dtí an dáta ar fearr iad roimhe nó a ndáta éaga.

2. Forbhianna ina bhfuil ≤ 8,0 mg d'astaxaintin agus atá beartaithe lena dtomhailt ag an bpobal i gcoitinne agus a allmhairíodh isteach san Aontas, féadfar iad a mhargú go dtí an dáta ar fearr iad roimhe nó a ndáta éaga nuair is féidir le hallmhaireoir an bhia sin a léiriú gur seoladh iad ón tríú tír lena mbaineann agus go raibh siad ar an mbealach chuig an Aontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Ba cheart d'oibreoirí gnólachtaí bia fógra a thabhairt chun na forbhianna dá dtagraítear i mír 1 a chur ar taispeáint ag an áit díolacháin ina gcuirfear in iúl nár cheart do naíonáin, do leanaí ná do dhéagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois na forbhianna sin a thomhailt.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh "Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí Haematococcus pluvialis" i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe):

Bia núíosach údaraithe	**Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid**		**Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise**	**Ceanglais eile**
	Catagóir bia shonraithe	***Uasleibhéil***	Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é 'Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*' an t-ainmniú a bheidh air. Ar lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*, beidh ráiteas ina luafar nár cheart do naíonáin ná leanaí ná déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois iad a thomhailt."	
"Oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis*	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas naíonáin, leanaí óga, leanaí agus déagóirí faoi bhun 14 bliana d'aois	40-80 mg in aghaidh an lae d'oiléaroisín, agus is é an toradh atá air sin ≤ 8 mg d'astaxaintin in aghaidh an lae		